

Gaelscoil na mBeann



Eochairfhocail: Gaelscoil, an Dún, athláimhe, mearfhaisean, éic-choiste, timpeallacht

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:


1. Cén feachtas speisialta atá ar siúl ag páistí Gaelscoil na mBeann i gcontae an Dúin?
2. An gcaitheann páistí na scoile sin éide scoile?
3. Cad is ainm don choiste sa scoil a bhíonn ag plé le cúrsaí timpeallachta?
4. Cad a dhéanann Lexy leis an éic-choiste ag am sosa?
5. Cad a iarrtar ar dhaoine a dhéanamh i rith mhí Mheán Fómhair?
6. Cathain a chuir Oxfam tús leis an bhfeachtas seo?

Anois, féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an cheád cheann déanta mar threoir.

Tá Gaelscoil na mBeann suite i gcontae an Dúin	FÍOR
Tá feachtas Meán Fómhair Athláimhe ar siúl sa scoil	
Níl aon rud ar son na timpeallachta ar siúl ag páistí Gaelscoil na mBeann	
Níl aon éic-choiste sa scoil	
Tá Lexy ar an éic-choiste le trí bliana anois	
Is breá le hErin an malartú éide scoile mar ní gá íoc as éide scoile úr	
Iarrtar ar dhaoine a lán éadaí nua a cheannach i rith Mheán Fómhair mar chuid den fheachtas Meán Fómhair Athláimhe	

Foghlaim





Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat pictiúr a tharraingt de bhratach ghlas leis an mana Meán Fómhair Athlámhe scríofa air. Bíodh na focail sin le feiceáil go soiléir ar an mbratach.

Freagraí



1. Meán Fómhair Athláimhe
2. Caitheann
3. Éic-choiste
4. Bailíonn siad bruscar
5. Gan aon éadaí nua a cheannach i rith na míosa sin
6. 2019

Tá Gaelscoil na mBeann suite i gcontae an Dúin	FÍOR
Tá feachtas Meán Fómhair Athláimhe ar siúl sa scoil	fíor
Níl aon rud ar son na timpeallachta ar siúl ag páistí Ghaelscoil na mBeann	bréagach
Níl aon éic-choiste sa scoil	bréagach
Tá Lexy ar an éic-choiste le trí bliana anois	fíor
Is breá le hErin an malartú éide scoile mar ní gá íoc as éide scoile úr	fíor
Iarrtar ar dhaoine a lán éadaí nua a cheannach i rith Mheán Fómhair mar chuid den fheachtas Meán Fómhair Athláimhe	bréagach